2025/282

10.2.2025

# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2025/282 ÓN gCOIMISIÚN

**an 21 Samhain 2024**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/833 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle,agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/124 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le mogallmhéideanna nua in iascach an troisc agus leis an teimpléad do thuarascáil an bhreathnóra**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/833 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus forfheidhmithe atá infheidhme i Limistéar Rialála Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh, lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/1627 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 2115/2005 agus (CE) Uimh. 1386/2007 ([1]), ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 50(1) agus (2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is páirtí é an tAontas den Choinbhinsiún um Chomhar Iltaobhach sa Todhchaí in Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh (Coinbhinsiún NAFO), arna fhormheas le Rialachán (CEE) Uimh. 3179/78 ón gComhairle ([2]).

(2) Le Rialachán (AE) 2019/833, cuirtear bearta caomhnaithe agus forfheidhmithe NAFO chun feidhme i ndlí an Aontais.

(3) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/124 ón gCoimisiún ([3]) forlíontar Rialachán (AE) 2019/833 le roinnt beart breise caomhnaithe agus forfheidhmithe de chuid NAFO.

(4) Ag an gcruinniú bliantúil a bhí ag NAFO i mí Mheán Fómhair 2024, leasaigh sé a bhearta caomhnaithe agus forfheidhmithe trí mhogallmhéideanna nua in iascach an troisc a chur leo agus tríd an teimpléad do thuarascáil an bhreathnóra a leasú.

(5) Ba cheart na leasuithe sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais. Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2019/833 agus Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/124 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

In Airteagal 13, mír 2, de Rialachán (AE) 2019/833, cuirtear isteach an pointe (g) seo a leanas:

‘(g) le haghaidh trosc (COD) i Ranna 3L agus 3M: 155 mm nó 130 mm agus úsáid á baint as an ngreille shórtála dá dtagraítear in Airteagal 14(3a)’.

([1]) IO L 141, 28.5.2019, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/833/oj.

([2]) Rialachán (CEE) Uimh. 3179/78 ón gComhairle an 28 Nollaig 1978 maidir le tabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin um Chomhar Iltaobhach sa Todhchaí in Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh ag Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (IO L 378, 30.12.1978, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/1978/3179/oj).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/124 ón gCoimisiún an 15 Deireadh Fómhair 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/833 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos bearta caomhnaithe agus forfheidhmithe atá infheidhme i Limistéar Rialála Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh (IO L 34 I, 6.2.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/124/oj).

*Airteagal 2*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/124 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 3ú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Samhain 2024.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/124 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 13 d'Iarscríbhinn I.D a ghabhann leis an mbeart caomhnaithe agus forfheidhmithe dá dtagraítear in Airteagal 16(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2019/833:

'Íosmhéid an Éisc (*)

| Speiceas | Iasc griollta agus dí-innithe, bíodh sé scafa nó scoilte nó ná bíodh; úr nó fuaraithe, reoite, nó saillte. | | | |
|---|---|---|---|---|
| | Ar lániasc é | Gan an ceann air | Gan an ceann agus an t-eireaball air | Gan an ceann air agus é scoilte |
| Trosc an Atlantaigh | 41 cm (***) | 27 cm | 22 cm | 27/25 cm (**) |
| An haileabó Graonlannach | 30 cm | Ní bhaineann le hábhar | Ní bhaineann le hábhar | Ní bhaineann le hábhar |
| An daba gorm | 25 cm | 19 cm | 15 cm | Ní bhaineann le hábhar |
| An leith earrbhuí | 25 cm | 19 cm | 15 cm | Ní bhaineann le hábhar |

(*) Tagraíonn méid an éisc don fhad go gabhal an eireaball le haghaidh throsc an Atlantaigh; fad iomlán le haghaidh speicis eile.
(**) Méid níos ísle le haghaidh éisc ghlasa shaillte.
(***) 43 cm in 3L.';

(2) I bpointe 35 de Thuarascáil an Bhreathnóra in Iarscríbhinn II.M a ghabhann leis na bearta caomhnaithe agus forfheidhmithe dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 27(11) de Rialachán (AE) 2019/833, sa Teimpléad do Thuarascáil Chaighdeánaithe an Bhreathnóra, faoi phointe 1.1 d'Iarscríbhinn II.M a ghabhann leis an bhFhaisnéis maidir le Tuarascáil Chaighdeánaithe ar Thuras an Bhreathnóra, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chuid 3:

**'Cuid 3. Barúlacha ón Turas**

Iontráil barúil maidir le:

| Barúlacha | Tá/Níl | Sonraí |
|---|---|---|
| Aon chás inar cuireadh bac ar an mbreathnóir, inar cuireadh imeagla air nó uirthi, inar cuireadh isteach air nó uirthi nó inar cuireadh cosc air nó uirthi ar shlí eile a dhualgais nó a dualgais a chomhlíonadh. | | |
| Achoimre ar neamhchomhlíontacht fhéideartha na mbeart caomhnaithe agus forfheidhmithe (cuimsigh tagairtí) | | |
| Feidhmiú an ghairis rianaithe satailíte (tuairiscigh na cásanna uile de bhriseadh, cur isteach agus mífheidhmiú) | | |
| Trasloingsithe (tuairiscigh na cásanna uile) | | |
| Cigireachtaí ar Muir (tuairiscigh dátaí, amanna agus aon bharúil eile) | | |
| Dramhaíl nó bruscar muirí eile (cuimsigh an soitheach a sceitheann, domhanleithead/domhanfhad, dáta/am agus tuairisc ar an dramhaíl) | | |
| Aon bharúil eile' | | |